


An Garda Síochána

# BILEOG MAIDIR LE COSC AR CHOIREACHT DAONÁIREAMH,
## An 3ú AIBREÁN 2022

An Phríomh-Oifig Staidrimh | Central Statistics Office

## RÉAMHRÁ

Reáchtálfar an Daonáireamh oíche Dé Domhnaigh, an 3 Aibreán, 2022. An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) atá freagrach as an daonáireamh. Tabharfaidh foireann de 5,100 Áiritheoir Daonáirimh foirmeacha daonáirimh chomh fada le gach teach sa tír agus baileoidh siad na foirmeacha comhlánaithe arís thar thréimhse 10 seachtaine idir an 2ú Márta agus an 6ú Bealtaine. Tabharfaidh gach áiritheoir cuairt ar thart ar 450 teach sa cheantar a bhfuil siad ag obair ann. Cuirfear tús leis na foirmeacha daonáirimh a thabhairt chomh fada le tithe ar an 2 Márta agus b'fhéidir go mbeadh sé riachtanach cuairt a thabhairt ar thithe áirithe cúpla uair muna bhfuil duine éigin sa bhaile. Nuair a thugann an t-áiritheoir cuairt ar do theach, míneoidh sé/sí beagán faoin daonáireamh duit agus tabharfaidh sé/sí foirm duit. Fágfaidh an t-áiritheoir glaochárta ar a mbeidh a s(h)onraí teagmhála muna mbíonn tú sa bhaile nuair a thugann sé/sí cuairt ar do theach. Ní rachaidh an t-áiritheoir isteach i do theach riamh. Iarr ar an áiritheoir i gcónaí a c(h)árta aitheantais a thaispeáint duit.



## CONAS D'ÁIRITHEOIR A SHAINAITHINT

Beidh gach áiritheoir so-aitheanta de bhrí go mbeidh seaiceád buí sofheicthe á chaitheamh acu agus beidh "Áiritheoir Daonáirimh" ar chúl an tseaicéid agus "Daonáireamh" scríofa chun tosaigh. Beidh mála á iompar acu agus beidh "Central Statistics Office An Phríomh-Oifig Staidrimh" scríofa air. Beidh cárta aitheantais oifigiúil áiritheora á chaitheamh ag na baill foirne allamuigh ar fad, timpeall a muinéal, agus taispeánfar an cárta seo duit nuair a bheidh an t-áiritheoir ag labhairt leat.

- Tá treoracha dochta tugtha d'áiritheoirí GAN dul isteach i do theach.
- Oibríonn áiritheoirí idir 9am agus 9pm, laethanta na seachtaine agus i rith an deireadh seachtaine.
- Má tá aon amhras ort, glaoigh ar oifig an daonáirimh ag an uimhir 0818 2022 04 chun aitheantas an áiritheora a fhíorú nó déan teagmháil le Stáisiún Áitiúil an Gharda Síochána.




**Ba cheart go mbeadh daoine airdeallach i gcónaí ar 'glaoiteoirí bréige' nó 'calaoiseoirí' a d'fhéadfadh cuairt a thabhairt ar thithe ag ligean orthu go bhfuil siad ag obair d'eagraíochtaí difriúla, agus d'fhéadfadh daoine ligean orthu gur áiritheoirí daonáirimh iad freisin.**

GLAOITEOIRÍ BRÉIGE
SEICEÁIL SLÁNDÁLA

- An bhfuil tú ag súil le glaoiteoirí, muna bhfuil breathnaigh amach an fhuinneog go bhfeicfidh tú céatá ann
- Feistigh amharcóir i do dhoras, tá tú níos sábháilte taobh thiar de dhoras dúnta.
- Feistigh slabhra / srianaire dorais agus fág an slabhra/ srianaire ar an doras, más gá an doras a oscailt fág an srianaire air. Tá cloigíní dorais leictreacha ann ar féidir iad a nascadh le d'fhón póca.
- Cinntigh go bhfuil an doras cúil glasáilte sula dtéann tú chomh fada leis an doras.
- Má tá sé i gceist agat labhairt leis an duine, Iarr ar an duine a C(h)árta Aitheantais a thaispeáint duit
- beidh glaoiteoir dáiríre sásta é a thaispeáint duit.
- Is í an riail bhunúsach, mura bhfuil aithne agat ar an duine atá ag an doras, ná lig an duine sin isteach i do theach. Ní iarrfaidh áiritheoirí Daonáirimh ort cead dul isteach i do theach.
- Má tá imní ort déan teagmháil leis An Garda Síochána.



# CENSUS
3 APRIL 2022

An Garda Síochána

## CAMSCÉIMEANNA AR LÍNE & TRÍD AN TEILEAFÓN

- Ní dhéanfaidh foireann/áiritheoir Daonáirimh teagmháil leat tríd an teileafón nó ar líne muna bhfuil do shonraí teagmhála curtha ar fáil agat dóibh cheana féin. Ní tharlódh sé sin ach amháin má dhéanann tú teagmháil leis an bhfoireann le ceist nó má thugann tú do shonraí teagmhála teileafóin don áiritheoir chun amanna oiriúnacha a sholáthar chun an fhoirm a bhailiú.
- Bí airdeallach ar chaimiléirí a úsáideann cumarsáid ar líne nó téacsteachtaireachtaí teileafóin go fealltach agus a chuireann in iúl go bhfuil baint acu leis an Daonáireamh.



- Ná roinn sonraí do chárta creidmheasa / dochair, pasfhocail, sonraí do chuntais bainc, uimhreacha leasa shóisialaigh etc. le haon duine ar an teileafón. Ní iarrfaidh an fhoireann/áiritheoir Daonáirimh ort aon cheann de na sonraí seo a chur ar fáil riamh.
- Má fhaigheann tú téacsteachtaireacht, glao teileafóin nó ríomhphost ag lorg sonraí nó ag iarraidh ort fíneáil a íoc, ná freagair na teachtaireachtaí seo agus ná cliceáil ar aon naisc a chuirtear ar fáil duit.
- Go ginearálta, ná roinn faisnéis phearsanta ar an teileafón muna bhfuil aithne agat ar an duine a bhfuil tú ag labhairt leis/léi.

## MÁ SHÍLEANN TÚ GUR ÍOSPARTACH DE CHOIR DEN CHINEÁL SEO THÚ, CÉARD BA CHEART DUIT A DHÉANAMH?

- Ná bíodh drogall ná náire ort teagmháil a dhéanamh leis An Garda Síochána. Déan teagmháil leo láithreach. Soláthraíonn An Garda Síochána seirbhís ar ardleibhéal do gach íospartach coireachta trí sheirbhís mheasúil, shásúil, fhreagrach agus iontaofa a sholáthar, seirbhís a dhíríonn ar riachtanais agus ionchais gach íospartach ar bhealach neamh-idirdhealaithe.



- Scríobh síos gach rud a tharla, lena n-áirítear cur síos ar na daoine, an cineál éadaí a bhí á gcaitheamh acu, aon rud neamhghnách nó aon ghnéithe suntasacha agus aon fheithiclí a bhí in úsáid acu. Coinnigh aon doiciméid a d'fhéadfadh a bheith faighte agat uathu sábháilte.
- Maidir leis na daoine sin a bhfuil comharsana nó cairde scothaosta nó leochaileacha acu, bí i do chomharsa mhaith agus labhair leo maidir leis na cineálacha camscéimeanna a d'fhéadfadh a bheith ann. Má shíleann tú go bhfuil glaoiteoirí bréige i do cheantar féin agus go bhfuil cuma amhrasach orthu nó má tá siad in aice le teach comharsan leochailí - ná bíodh aon drogall ort riamh teagmháil a dhéanamh le An Garda Síochána láithreach baill.

## CONCLÚID

Má leanann tú an chomhairle a thugtar sa bhileog seo is féidir leat a chinntiú nach íospartach coireachta a bheidh ionat. Beidh d'Oifigeach Áitiúil an Gharda Síochána maidir le Coireanna a chosc nó Garda Pobail in ann cabhrú leat. Sa chás go bhfuil fórsa fisiciúil in úsáid mar bhagairt ná glac leis. Fan socair, más féidir leat, agus cinntigh go bhfuil an oiread sonraí agus is féidir ar eolas agat faoin duine atá ciontach.

## BILEOG MAIDIR LE COSC AR CHOIREACHT DAONÁIREAMH,
An 3ú AIBREÁN 2022

An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office